Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 293/04)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Alberto MAZZOLA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.9.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)
Dáta a glactha sa rannóg	27.3.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.6.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	579
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	208/1/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tacaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) leis an mbeartas atá beartaithe ag an Aontas i ndáil leis an gcibearchosaint, ach bheadh súil aige leis go dtabharfaí ról níos lárnaí don tsochaí shibhialta eagraithe i bhforbairt na dtograí sin. Measann an Coiste gur deacair a mheas an ndéanfar na tionscnaimh a leagfar amach sa teachtaireacht chomhpháirteach a chur chun feidhme agus na torthaí atá beartaithe dóibh a bhaint amach. Áitíonn CESE ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit tús áite a thabhairt do na tionscnaimh a fógraíodh agus iad a chur i gcrích go pras.

1.2. Leagann CESE béim ar an ngá atá le bearta breise chun feabhas a chur ar chumas an Aontais cibearbhagairtí a bhrath agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí maoiniú taighde agus forbartha a dhíriú ar chumais cheannródaíocha an Aontais a fhorbairt. Tá an comhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí ríthábhachtach agus níor cheart go mbeadh sé aontreoch. Tá CESE den tuairim go bhfuil gá le comhordú an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt, sin agus chun comhar agus infheistíocht chomhpháirteach i measc na mBallstát a áirithiú.

1.3. Tacaíonn CESE le cruthú Ionad Comhordaithe Cibearchosanta an Aontais agus molann sé go dtabharfaidh na Ballstáit gealltanas go dtabharfaidh siad mearfhreagairt 24/7, go ndéanfaidh siad meastóireacht ar chibear-ullmhacht agus ar fheidhmíocht shásraí freagartha cibirghéarchéime an Aontais, agus go leagfaidh siad béim ar na cumais mhíleata agus ar na hearnálacha criticiúla arna sainaithint i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] (Treoir NIS2). Tugann an Coiste tacaíocht do leathnú shainordú an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Cibearshlándála chun cabhrú leis an obair a dhéanann Ionad Comhordaithe Cibearchosanta an Aontais.

1.4. Chun neamhspleáchas straitéiseach agus ceannasacht chibearshlándála an Aontais a fheabhsú, creideann CESE gur cheart ardán dinimiciúil fíor-ama tástála agus comhroinnte faisnéise a fhorbairt nó a ghlacadh ón earnáil phríobháideach chun na bearnaí a shainaithint atá sna cumais atá ann faoi láthair. Is féidir é a úsáid freisin chun dea-chleachtais a roinnt, chun cibirtheagmhais a thuairisciú agus chun liosta AE de na cibearchoirpigh uile a chruthú.

([1]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

1.5. Leagann CESE béim ar an ngá atá le hullmhúchán níos fearr a dhéanamh i gcoinne cibirionsaithe amhail cibirionsaithe na Rúise san Úcráin, lena ndírítear go háirithe ar bhonneagar ríthábhachtach. Tá an comhar idir éiceachórais shibhialtacha agus mhíleata ríthábhachtach le haghaidh bainistiú éifeachtúil na ngéarchéimeanna, le haghaidh na hidir-inoibritheachta agus le dúbláil iarrachtaí agus infheistíochtaí a sheachaint, lena n-áirítear trí chibirionsaithe tástála ionsamhalta.

1.6. Creideann CESE gur cheart tús áite a thabhairt do chosaint shaoránaigh an Aontais agus do chosaint an bhonneagair chriticiúil le hinfheistíochtaí sa chibearchosaint. Áitíonn CESE go ndéanfar nuashonruithe tráthúla ar thosaíochtaí agus ar infheistíocht, rud a bheidh le haontú idir an tAontas agus na Ballstáit, le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí príobháideacha ábhartha.

1.7. Ní mór don Aontas na hacmhainneachtaí is gá a choinneáil agus a fhorbairt chun na nithe seo a leanas a dhaingniú: an geilleagar digiteach, an tsochaí, an daonlathas, na teicneolaíochtaí criticiúla atá aige; sin agus chun príomhsheirbhísí cibearshlándála a chur ar fáil. Chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a áirithiú, ba ríthábhachtach an spleáchas ar thríú tíortha a laghdú. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach don Aontas cur chuige meántéarmach a ghlacadh i leith an neamhspleáchais i ndáil le príomhtheicneolaíochtaí, agus molann sé go láidir go mbunódh cuideachtaí atá bunaithe san Aontas saoráidí taighde agus táirgthe, mar aon le beartas tionsclaíoch Eorpach iomchuí dírithe ar chibir-éiceachóras uathrialach.

1.8. Ba cheart go bhfaigheadh FBManna tacaíocht spriocdhírithe, agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar chláir mhaoiniúcháin a mhéadaíonn an athléimneacht atá iontu i gcoinne cibirionsaithe, chomh maith le cúnamh, oiliúint agus deiseanna oideachais maidir le cibir-rioscaí agus an bealach le cosaint a thabhairt i gcoinne na nithe sin. Ba cheart don Aontas sásra dreasachta a chur ar fáil ionas go bhféadfaidh na FBManna dul i dtaithí ar an obair de réir a chéile, agus ionas go dtabharfar an nuálaíocht chun cinn i measc na FBManna.

1.9. Tacaíonn CESE leis an bplean atá ann chun Acadamh Cibirscileanna a bhunú, agus iarrann sé ar an gCoimisiún cláir oiliúna agus ghairmoiliúna ar mhórscála a chomhordú agus a mhaoiniú, cláir ina mbeidh gach Ballstát rannpháirteach, cláir a mbeidh sé d'aidhm leo lucht saothair a oiliúint i gcomhair na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí uile a bhfuil baint acu leis an gcibearchosaint, sin agus i gcomhair na líonraí sibhialta príobháideacha chomh maith céanna.

1.10. Measann an Coiste gur ríthábhachtach feasacht na saoránach ar an gcibearshlándáil a ardú chun cosanta in éadan cibirionsaithe, agus tá sé ag iarraidh go gcuirfí curaclaim oideachais cibearshlándála agus cláir oiliúna ar feadh an tsaoil ar fáil lena ndíreofaí ar fheabhas a chur ar chibirscileanna agus ar chibireolas. Tacaíonn CESE le príomhshruthú na cibearshlándála i mbeartais phoiblí uile an Aontais i gcomhair an ama atá romhainn, agus rud eile a dtacaíonn sé leis an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi chibearbhagairtí.

1.11. Creideann CESE nach mór don chomhar láidir le comhghuaillithe Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) i réimsí míleata díriú ar chomhordú iomlán agus ar chómhalartacht, ar chomhthionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta, ar chomhroinnt an dea-chleachtais, ar chláir mhóra oiliúna agus ar ionsamhlúcháin cibirionsaithe, agus é de phríomhchuspóir aige an acmhainneacht fhreagartha choiteann a leitheadú.

1.12. Iarrann an Coiste ar an Ardionadaí scrúdú a dhéanamh ar an idirphlé déthaobhach atá ann faoi láthair maidir le cibearspás agus páirt a ghlacadh i bplé breise le tíortha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun creat domhanda a bhunú chun cloí leis an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás, agus béim láidir á leagan ar an gcómhalartacht. Measann an Coiste go bhfuil an tAontas oiriúnach chun bheith ar thús cadhnaíochta sa phlé idirnáisiúnta maidir le todhchaí na cibearshlándála, go háirithe laistigh de na Náisiúin Aontaithe, ós rud é go bhfuil bunús láidir aige sna saoirsí bunúsacha daonlathacha.

1.13. Ba cheart don Aontas seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne aon chineál córais scórála sóisialta i gcoinne na saoránach. Tá sé á chur in iúl go soiléir ag CESE nach féidir daonlathas a bheith ann iarbhír gan sonraí pearsanta a chosaint, agus creideann sé gur ríthábhachtach an rud an bainistiú sonraí a dhéanamh ar bhealach freagrach éifeachtúil chun buntáiste iomaíoch a dhéanamh den an hipearnascacht.

2. **Réamhrá agus barúlacha ginearálta**

2.1. Le méadú digiteach na sochaithe tarlaíonn líon mór bagairtí cibearshlándála arb iad uasghráduithe teicneolaíocha is cúis leo. Is mór an méadú atá tagtha ar líon na gcibirionsaithe agus ar an tsofaisticiúlacht le blianta beaga anuas, rud a bhaineann an bonn de shlándáil na n-eintiteas poiblí agus príobháideach araon. Is cuma más bogearraí éirice, bogearraí mailíseacha, ionsaithe ríomhphoist, sáruithe sonraí, bréagaisnéis, ionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS) nó cineálacha eile ionsaithe a bhíonn i gceist, is bagairt chomhsheasmhach leanúnach ar shlándáil an Aontais ina hiomláine iad go léir.

2.2. Is díol sásaimh do CESE an Teachtaireacht Chomhpháirteach *Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint* ([2]) agus measann sé go bhfuil sé in am gníomhú anois, le práinn agus ar bhealach comhordaithe ar leibhéal an Aontais, lena mbaineann na héiceachórais shibhialtacha agus mhíleata araon agus lena n-áirithítear an creat cuí infheistíochta le haghaidh cumais chibearchosanta. Mar sin féin, tugann an Coiste dá aire nach bhfuil sa teachtaireacht ach ráiteas diongbháilte chun gníomhú agus liosta de thionscnaimh de chuid an Aontais amach anseo ar cheart iad a bhaint amach, agus measann sé go bhfuil sé dodhéanta a mheas an gcuirfear na gealltanais sin i bhfeidhm amach anseo, ós rud é go mbeidh tionchar ar ndóigh ag an gcaibidlíocht a dhéanfar idir na comhreachtóirí amach anseo ar thoradh deiridh phlean gníomhaíochta cibearshlándála an Aontais.

2.3. Tá an chibearshlándáil ar bharr liosta na mbagairtí slándála san Aontas de bharr an ionsaithe Rúisigh ar líonra satailíte KA-SAT, a chuir isteach ar an gcumarsáid idir fórsaí míleata na hÚcráine, agus de bharr an scannail a bhain le Éric Léandri a bheith á chonrú ag roinnt cuideachtaí cosanta chun cibirspiaireachta thar a gceann. Cé gur píosa reachtaíochta daingne de chuid an Aontais é RGCS a cuireadh i bhfeidhm le roinnt blianta anuas, is léir go bhfuil an líon méadaitheach sonraí atá ar fáil leochaileach agus go bhfuil an baol ann go dtrasnódh tríú páirtithe teorainn na dlíthiúlachta ag ardú gach lá.

2.4. I bhfianaise na gcibirionsaithe trasnáisiúnta, tá gá le comhordú AE chun an ilroinnt atá ann faoi láthair a laghdú agus chun a áirithiú go bhfuil na Ballstáit sásta comhoibriú agus infheistíocht a dhéanamh go comhpháirteach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do chásanna amach anseo ina bhféadfaí díriú ar Bhallstát amháin agus ba cheart go mbeadh an deis ag gach Ballstát eile tacaíocht a chur ar fáil láithreach.

3. **Gníomhú i dteannta a chéile ar mhaithe le cibearchosaint níos láidre**

3.1. Tugann an Coiste dá aire na tionscnaimh uaillmhianacha a fógraíodh chun Ionad Comhordúcháin Cibearchosanta an Aontais a bhunú, chun tionscadal CyDEf-X a fhorbairt, chun foirne mearfhreagartha cibearshlándála a chruthú, chun Tionscnamh Cibear-Dlúthpháirtíochta AE a fhorbairt agus chun féachaint an bhféadfaí scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt do tháirgí, do sheirbhísí agus do phróisis teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Molann CESE go dtabharfadh na Ballstáit uile gealltanas go mbeidís réidh chun mearfhreagairt 24/7 a chur ar fáil, agus go mbeadh Lárionad Comhordúcháin an Aontais Eorpaigh rannpháirteach i measúnú agus forbairt ar thuarascálacha rialta maidir le cibear-ullmhacht na mBallstát agus éifeachtacht an tsásra Eorpaigh freagartha do chibirghéarchéimeanna, lena ndíreofaí ar chumais mhíleata agus ar earnálacha criticiúla arna sainaithint sa Dara Treoir NIS. Ba cheart speisialtóirí sonracha a oiliúint i ngach Ballstát chun idirghabháil a dhéanamh i gcás cibirtheagmhais, agus ba cheart dóibh tástáil rialta a dhéanamh ar a gcumas idirghabhála i mBallstáit eile.

3.2. Cé go gcuireann an teachtaireacht liosta fada d'fheabhsuithe céim ar chéim in iúl, bheadh súil ag CESE treochlár sainráite a fheiceáil maidir le cur chun feidhme na dtionscnamh sin, ina mbeadh rialachas soiléir agus spriocdhátaí lena ghlacadh. Ina theannta sin, bheifí ag súil leis go dtabharfaí ról níos lárnaí don tsochaí shibhialta eagraithe i bhforbairt na dtograí sin.

3.3. Measann CESE gur gá do na Ballstáit a gcumas inmheánach a neartú chun cur i gcoinne cibirionsaithe fad atá siad páirteach i dtionscadail chomhair agus comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtais lena gcuid comhghleacaithe i mBallstáit eile. Is mithid infheistíocht chun an chibearchosaint a fheabhsú agus chun an teicneolaíocht a chur in úsáid ([3]) i ngach Ballstát i gcomhair na comhullmhachta d'fhonn cibirionsaithe a bhrath, chun téarnamh a dhéanamh ó chibirionsaithe, agus chun cosaint a dhéanamh in aghaidh cibirionsaithe. Chun tacú le neamhspleáchas cibearshlándála an Aontais, measann an Coiste nach mór ardán dinimiciúil tástála agus comhroinnte faisnéise fíor-ama a fhorbairt, nó a ghlacadh san earnáil phríobháideach, agus é dírithe ar na cumais atá in easnamh faoi láthair a shainaithint.

3.4. Tá CESE den tuairim, ag an gcéim seo, gur cheart do na Ballstáit leanúint orthu dá n-inniúlacht féin lena gcuid oibríochtaí míleata cibearspáis; tacaíonn an Coiste leis an gcomhar a fógraíodh idir Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire míleata an Aontais (milCERTanna), na Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRTanna) agus Foireann Práinnfhreagartha Ríomhaire EUIBAnna (CERT-EU).

3.5. Leis an Dara Treoir NIS a glacadh le déanaí agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil ([4]), cuireadh oibleagáidí sonracha náisiúnta agus earnálacha i bhfeidhm le haghaidh chreat cibearchosanta an Aontais. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun cumas braite comhchoiteann an Aontais a fheabhsú, agus iarrann CESE go ndéanfaí infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt chun cumais cheannródaíocha an Aontais a fhorbairt.

([2]) Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint.
([3]) An Luasaire Nuálaíochta Cosanta le hAghaidh an Atlantaigh Thuaidh (DIANA), tionscnamh de chuid ECAT, cuir i gcás.
([4]) Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil.

4. **Éiceachóras cosanta an Aontais a dhaingniú**

4.1. Creideann CESE go bhfuil an t-éiceachóras cosanta athraithe ó bhonn mar gheall ar chastachtaí bunúsacha agus dúshláin theicneolaíocha atá ag athrú go tapa, agus go bhfuil an chibearshlándáil ina hábhar spéise coiteann don earnáil mhíleata agus don earnáil shibhialtach araon, agus do shaoránaigh an Aontais chomh maith céanna. Tá an comhar idir éiceachórais shibhialtacha agus mhíleata níos tábhachtaí anois ná a bhí riamh, agus ba cheart go mbeadh tairbhe ann ó thaobh bainistiú géarchéime níos éifeachtaí, chomh maith le dul chun cinn leanúnach, mar aon leis an idir-inoibritheacht, sin agus dúbailt nó iolrú na n-iarrachtaí agus na n-infheistíochtaí céanna á seachaint. Ba cheart do na Ballstáit a bheith réidh chun tástálacha struis náisiúnta ar bhonneagar criticiúil a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an teacht aniar a bheidh ann i leith cibirionsaithe sa todhchaí agus chun an teacht aniar ina gcoinne a mhéadú.

4.2. Measann CESE nach mór infheistíochtaí sa chibearchosaint a dhíriú, ar an gcéad ásc, ar shaoránaigh an Aontais agus ar bhonneagar criticiúil a chosaint. I bhfianaise luas an chlaochlaithe dhigitigh agus na héabhlóide tapa ar thimpeallacht na bagartha, molann an Coiste go láidir gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le nuashonruithe tráthúla ar thosaíochtaí agus ar infheistíocht, agus comhairliúchán críochnúil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí príobháideacha ábhartha. Ós minic nach gcosnaítear gléasanna Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) chomh maith céanna is a chosnaítear gléasanna traidisiúnta, iarrann CESE go gcuirfí íosleibhéal slándála i bhfeidhm trí ardáin IDAM. Chomh maith leis sin, ós rud é gur modh tábhachtach é an deimhniú chun leibhéal níos airde slándála a chur ar fáil, iarrann an Coiste go gcuirfí cur chuige nua deimhniúcháin AE i bhfeidhm chun níos mó béime a chur ar shlándáil IoT.

4.3. Ní mór don Aontas cur leis an teacht aniar i gcoinne cibirionsaithe, agus ní mór dó cibearbhacadh éifeachtach a chruthú. Ní mór bonneagar criticiúil a chosaint ar chibirionsaithe de gach uile chineál, lena n-áirítear ionsaithe ar chórais chosanta an Aontais. Measann an Coiste gurb é leas straitéiseach an Aontais a áirithiú go gcoinneoidh agus go bhforbróidh an tAontas na hacmhainneachtaí atá riachtanach chun an geilleagar digiteach, an tsochaí agus an daonlathas a dhaingniú, chun ceannasacht dhigiteach iomlán a bhaint amach, an t-aon bhealach amháin chun teicneolaíochtaí criticiúla a chosaint agus chun príomhsheirbhísí cibearshlándála éifeachtacha a sholáthar. Ba ríthábhachtach freisin an spleáchas ar thríú tíortha a laghdú ar mhaithe le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. Creideann CESE gur cheart do ghníomhaireachtaí earnála an Aontais (ENISA, EASA, ERA, EMA, ÚBE, GES, HADEA etc.) a bheith rannpháirteach sa phróiseas agus treoir a thabhairt i bhforbairt na scéimeanna cibearshlándála.

4.4. Le paindéim COVID-19, tá dlús curtha leis an aistriú digiteach agus tá saothar den chineál traidisiúnta athraithe ina shaothar den chineál hibrideach, sin agus/nó ina shaothar den chineál cianda, rud a chruthaigh caidreamh agus ionchais oibre nua chomh maith le haicme nua d'fhánaithe dhigiteacha, aicme atá ag dul i líon. Tugann CESE dá aire na hathruithe tobanna atá tagtha ar mhargadh an tsaothair, rud a thug ar chuideachtaí áirithe an ailtireacht na 'neamh-iontaoibhe' a ghlacadh, trí bhíthin IAM (Bainistiú Rochtana Aitheantais) agus PAM (Bainistiú Rochtana faoi Phribhléidí). Maidir leis an modh nua bainistithe seo ar acmhainní cuideachtaí, is éard a mheasann an Coiste gur réiteach atá ann ar fhadhbanna a bhaineann le cibearbhagairtí, agus tá an Coiste den tuairim nach mór tacú leis an earnáil phríobháideach chun leibhéal slándála na réiteach digiteach nuálach san earnáil sin a neartú.

4.5. Is cúis díomá do CESE an ráiteas ón gCoimisiún go bhféadfaí plean cur chun feidhme a bhunú i gcomhar leis na Ballstáit, agus measann sé gur rud éigeantach atá i bplean cur chun feidhme dá leithéid. Creideann sé gur i gcomhpháirt leis na Ballstáit ba cheart an plean a dhréachtú, agus creideann sé gur cheart é a chun feidhme a thúisce is féidir. Is cúis imní don Choiste an seasamh liom leat a ghlac an Coimisiún, agus tá sé ag tathant ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit dul chun cinn mear a éascú i gcás na dtionscnamh a fógraíodh.

5. **Infheistíocht in acmhainní cibearchosanta**

5.1. Ós rud é go bhfuil an fhorbairt theicneolaíoch ag dul chun cinn go tapa, is é an cibearspás an réimse cogaíochta is nuaí, réimse atá tagtha sna sála ar an talamh, an fharraige, an t-aer agus an spás. Tá deiseanna móra coireachta cruthaithe aige freisin do chibirghníomhaithe mailíseacha, idir haiceálaithe neamhspleácha, choirpigh ghairmiúla agus ghníomhaithe stáit go deimhin.

5.2. Is rud ríthábhachtach an infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt, agus is díol sásaimh do CESE na cistí tiomnaithe atá ann faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, faoin gCiste Eorpach Cosanta, faoin gclár Fís Eorpach agus faoi na cláir téarnaimh náisiúnta. Mar sin féin, ba mhór ag an gCoiste tuilleadh tionscadail thrasnáisiúnta a bheith ann, tionscadail a dhíreodh ar an gcomhar agus ar an idir-inoibritheacht idir córais chibearchosanta i ngach Ballstát, chomh maith le tuilleadh sineirgí idir na hionstraimí cistiúcháin, go háirithe na cinn a thacaíonn le FBManna nuálacha.

5.3. Amhail a fógraíodh i Straitéis Chibearshlándála an Aontais in 2020, tugann an Coiste dá aire gurb í an bhliain 2023 an sprioc chun an Cibearaonad Comhpháirteach a chruthú, agus tá sé ag fanacht le scéala maidir le bailchríoch a chur ar an bpróiseas, sin agus maidir le hullmhacht an Aontais chun freagairt do chibirtheagmhais ar mhórscála. Tá CESE ag súil go gcuirfidh sin feabhas ar an bhfeasacht staide atá ag an Aontas, agus ar an acmhainneacht chun freagartha agus chun téarnaimh ina hiomláine.

5.4. Tacaíonn CESE le leathnú shainordú an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Cibearshlándála chun tacú le gníomhaíocht Ionad Comhordaithe Cibearchosanta an Aontais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an líonra sin tacú le ceannasacht dhigiteach na hEorpa trí bhonn tionsclaíoch Eorpach iomaíoch a fhorbairt i gcomhair na bpríomhchumas teicneolaíocha, rud a bheadh leathbhunaithe ar obair a bhíonn á forbairt ag comhpháirtíochtaí conarthacha poiblí-príobháideach (PPP). Is léir go gcuireann comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha an cur chuige is éifeachtaí ar fáil chun cibearshlándáil an éiceachórais dhigitigh ina iomláine a fheabhsú, ach ní féidir dó a bheith aontreoch: ní mór d'institiúidí poiblí a gcuid faisnéise a roinnt leis an earnáil phríobháideach freisin.

5.5. Tugann CESE dá aire, chun aghaidh a thabhairt ar iarrachtaí haiceála ó ríomhairí candamacha amach anseo, nach mór don Aontas infheistíocht a dhéanamh láithreach i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha amhail cripteagrafaíocht iar-chandamach. Creideann sé go bhfuil sé fíor-riachtanach don Eoraip cur chuige meántéarmach a ghlacadh maidir le neamhspleáchas, agus molann sé go láidir go bhforbróidh cuideachtaí atá bunaithe san Aontas saoráidí taighde agus táirgthe. Measann CESE gur thábhachtach acmhainní an Aontais a mhéadú le haghaidh T & N digiteach agus tacú le hinfheistíocht oibreoirí agus soláthraithe i bhfeidhmiúlachtaí nua slándála teicniúla, rud a bhaineann freisin le treochtaí nua mar an réaltacht mhéadaithe agus an mheiteachruinne. Thar aon ní eile, ba ríthábhachtach bonneagar néalríomhaireachta Eorpach a fhorbairt de réir na rialacha Eorpacha atá ann i ndáil le ceisteanna mar stóráil agus próiseáil sonraí ([5]).

5.6. Ba cheart aird ar leith a thabhairt do FBManna agus ba cheart rochtain a bheith acu ar chláir mhaoiniúcháin lena bhfeabhsaítear a n-ullmhacht i gcoinne cibirionsaithe, chomh maith le cláir chúnaimh, oiliúna agus oideachais a chuidíonn leo na cibir-rioscaí a thuiscint agus conas iad féin a chosaint. Ba cheart don Aontas sásra dreasachta a chur ar fáil lena gcothófar taithí fhorásach do FBManna.

5.7. Measann an Coimisiún go bhfuil leathmhilliún duine oilte de dhíth cheana féin i réimse na cibearshlándála, agus is mór ag CESE togra Acadamh na Cibirscileanna bheith á chruthú. Is léir nach leor dícheall na mBallstát chun an bhearna scileanna a laghdú. Dá bhrí sin, is éard atá á mholadh ag an gCoiste go ndéanfadh an Coimisiún cláir oiliúna agus cláir ghairmoideachas agus ghairmoiliúina a chomhordú agus a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais de bhreis ar sheoladh an Acadaimh. Is cláir iad sin a dhíríonn ar lucht saothair oilte a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu leis an gcibearchosaint, agus do na líonraí sibhialta príobháideacha chomh maith. Ní mór béim ar leith a leagan ar oiliúint a chur ar an lucht saothair, go háirithe i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM).

5.8. Ina theannta sin, measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach feasacht na saoránach maidir leis an gcibearshlándáil a ardú chun baol na gcibirionsaithe a laghdú, go háirithe maidir le cibearchoireanna bunúsacha atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne. Iarrann an Coiste go gcuirfí curaclaim oideachais maidir leis an gcibearshlándáil agus cláir oiliúna ar fáil i ndáil leis an gcibearshlándáil ar feadh an tsaoil lena ndíreofaí ar fheabhas a chur ar chibirscileanna agus lena ndéanfaí an chibearshlándáil níos eolaí agus níos tarraingtí do shaoránaigh, go háirithe don ghlúin óg. Tá CESE i bhfabhar ceist na cibearshlándála a phríomhshruthú i mbeartais phoiblí uile an Aontais san am atá romhainn, sin agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi chibearbhagairtí, lena n-áirítear trí chláir oiliúna saor in aisce, aipeanna faisnéise saor in aisce d'fhóin phóca, agus teachtaireachtaí le linn buaic-amanna teilifíse. Ní mór dul chun cinn forleathan cultúrtha ar gach leibhéal den tsochaí, i dtreo cur chuige atá 'dírithe ar an gcibearshlándáil', a chur chun cinn i gcomhthráth leis na gníomhaíochtaí sin.

5.9. Creideann CESE gur ríthábhachtach measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca na soláthróirí agus srianta ábhartha a chur i bhfeidhm orthu siúd a mheastar a bheith ina n-ardriosca, srianta lena n-áirítear toirmisc riachtanacha ar na príomhshócmhainní is sócmhainní criticiúla agus sócmhainní íogaire i measúnú riosca comhordaithe an Aontais, chomh maith le soláthraithe crua-earraí agus bogearraí iontaofa a dheimhniú.

6. **Comhpháirtí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna**

6.1. Bíonn éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile Ballstát i leibhéal na hullmhachta in aghaidh cibirionsaithe. Measann CESE gurb é an chéad chéim gur cheart a ghlacadh ardán cumarsáide dea-chleachtas laistigh den Aontas a chur ar bun, inar féidir leis na Ballstáit is faide chun tosaigh i dtaobh na cibearchosanta a gcuid eolais a roinnt leis na tíortha eile agus iarrachtaí na dtiortha sin amhlaidh a dhéanamh láithreach bonn a éascú. Chuideodh sé sin le muinín fhrithpháirteach idir eintitis náisiúnta a fheabhsú. Ar an dara dul síos, creideann an Coiste go bhfuil gá le comhar níos láidre idir gníomhaithe stáit agus neamhstáit ar fud an Aontais chun feabhas a chur ar chibearshlándáil táirgí agus seirbhísí laistigh den mhargadh inmheánach. Molann CESE freisin go gcruthófaí ardán coiteann de chuid an Aontais chun cibirtheagmhais a thuairisciú, lena n-áirítear liosta dubh de chuid an Aontais de ghníomhaithe uile na cibearchoireachta.

([5]) Gaia-X, mar shampla, is é sin an tionscnamh Franc-Ghearmánach.

6.2. Tá CESE den tuairim nach mór comhar láidir lenár gcomhghuaillithe ECAT sa réimse míleata a bheith dírithe ní hamháin ar fhothú acmhainneachta agus ar luathbhrath, ach freisin ar thionscadail chomhpháirteacha taighde, forbartha agus nuálaíochta, ar chomhroinnt dea-chleachtais agus ar mhalartuithe idir saineolaithe, ar chláir mhóra oiliúna agus ar ionsamhlúcháin cibirionsaithe. Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhchuspóir an acmhainneacht freagartha choiteann a leathnú agus sineirgí a chruthú chun bagairtí hibrideacha a chomhrac amach anseo, tar éis Dhearbhú Comhpháirteacha 2016 Várs á agus 2018 na Bruiséile. Is féidir go fóill leas a bhaint as an gcomhar idir an tAontas agus ECAT ar bhealaí éagsúla, agus is féidir difear mór a dhéanamh, má dhéantar dul chun cinn láithreach, ó thaobh slándáil a áirithiú dár saoránaigh agus dár sochaithe.

6.3. Creideann an Coiste gur cheart, leis an bplé ar an leibhéal domhanda agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, an bealach a réiteach chun cibearspás domhanda agus oscailte a chur chun cinn lena gcosnófaí cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta, agus lena ndíreofaí ar chaighdeáin idirnáisiúnta cheangailteacha a fhorbairt in earnálacha ina bhfuil forbairt dhigiteach thapa. Molann CESE don Ardionadaí athbhreithniú a dhéanamh ar an idirphlé déthaobhach atá ann cheana maidir le cibearspás agus dul i mbun tuilleadh caibidlíochta le tíortha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun creat domhanda a chur chun cinn chun an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás a chur i bhfeidhm, bunaithe ar choinníoll docht cómhalartachta.

6.4. Ar deireadh, creideann an Coiste gurb é an tAontas an eagraíocht is fearr atá in ann na díospóireachtaí idirnáisiúnta maidir le todhchaí na cibearshlándála a stiúradh, go háirithe le linn phléití na Náisiún Aontaithe, mar gheall ar a bhunchloch láidir ar chroíshaoirsí daonlathacha. Ina theannta sin, ní mór don Aontas dul i ngleic le réimis ollsmachtacha a dhéanann faireachán ar shonraí na saoránach agus a sháraíonn a gcearta agus a gcuid saoirsí, agus ba cheart dó é féin a chur go láidir i gcoinne aon chineál córais scórála sóisialta i gcoinne na saoránach. Tá sé á chur in iúl go soiléir ag CESE nach féidir daonlathas a bheith ann iarbhír gan sonraí pearsanta a chosaint, agus creideann sé gur ríthábhachtach an rud an bainistiú sonraí a dhéanamh ar bhealach freagrach éifeachtúil chun sócmhainn a dhéanamh den hipearnascacht.

An Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE